# FÓGRA COMHAIRLIÚCHÁIN TIONSCAIL AGUS PHOIBLÍ

Dé Luain, an 10 Samhain 2025

**Comhairliúchán Tionscail agus Poiblí i ndáil le PE-ENV-07006 *Measúnú Tionchair Bithéagsúlachta ar Thionscadail Bóithre Náisiúnta, Glasbhealach agus Taistil Ghníomhaigh.***

D'fhostaigh Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) SLR Environmental Consulting (Ireland) Ltd. chun Doiciméad Caighdeánach dar teideal PE-ENV-07006 *Measúnú Tionchair Bithéagsúlachta ar Thionscadail Bóithre Náisiúnta, Glasbhealach agus Taistil Ghníomhaigh* a ullmhú. Sa Doiciméad Caighdeánach seo, leagfar amach an cur chuige a éilítear le haghaidh Measúnú Tionchair Bithéagsúlachta ar Thionscadail Bóithre Náisiúnta, Glasbhealach agus Taistil Ghníomhaigh. Sonrófar ceanglais sa doiciméad freisin i leith úsáid a Mhéadrachta Bithéagsúlachta.

Tá barúlacha á lorg ag BIÉ ón tionscal agus ón bpobal anois ar dhréacht den Doiciméad Caighdeánach seo.

Is é an dáta deiridh chun barúlacha a fháil <u>5pm Dé Luain an 22 Nollaig 2025.</u>

Féadfar barúlacha a chur isteach mar ríomhphost chuig:
EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

nó, de rogha air sin, tríd an bpost chuig:

An Rannóg Beartais agus Comhlíonta Comhshaoil, Bonneagar Iompair Éireann, Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08DK10.

**Cosaint Sonraí**

Próiseálann BIÉ sonraí pearsanta i gcomhréir lena Fhógra Maidir le Cosaint Sonraí atá le fáil ag www.tii.ie

**Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol**

Tá BIÉ faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007 go 2018. Beidh aighneachtaí a fhaightear mar chuid den chomhairliúchán tionscail agus poiblí seo, dá réir sin, faoi réir fhorálacha an Achta agus na Rialachán.

**Foilsiú na Tuarascála maidir leis an gComhairliúchán Tionscail agus Poiblí**

Tar éis an chomhairliúcháin tionscail agus phoiblí seo, ullmhófar tuarascáil agus, ina dhiaidh sin, foilseofar í ar shuíomh gréasáin Foilseacháin BIÉ. Sa tuarascáil doiciméadófar: na barúlacha a fuarthas; na freagraí ar na barúlacha sin; agus na gníomhaíochtaí a rinneadh (i gcás ina meastar gur cuí) chun na barúlacha a ionchorprú sa doiciméad. Mar sin féin, fágfar faisnéis phearsanta, lena n-áirítear sonraí teagmhála agus aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, ar lár ó aon sleachta foilsithe d'aighneachtaí.

Trí aighneacht a dhéanamh faoin gcleachtadh comhairliúcháin phoiblí seo, tá aitheantas á thabhairt agat dá bhfuil thuas agus tá toiliú á thabhairt agat leis.